# Uisce truaillithe i nGaillimh

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi uisce truaillithe i nGaillimh. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

| | | |
|---|---|---|
| ag bruith uisce | díreach ón sconna | uisce truaillithe |
| ar fhaitíos na bhfaitíos | ar a laghad | |

**Ceist 2** Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé mhéid duine i gContae na Gaillimhe a bhfuil fadhb acu leis an uisce?

2. Cén uair a dúirt na húdaráis leo gan an t-uisce a ól díreach ón sconna?

3. An bhfuil na daoine sásta? Cén fáth?

4. An bhfuil na siopadóirí sásta? Cén fáth?

**Ceist 3** Féach ar na habairtí thíos:

'Ní féidir le daoine i nGaillimh an t-uisce *a ól* díreach ón sconna.'
'Caithfidh siad buidéil uisce *a cheannach* sna siopaí.'

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort an focal idir lúibíní a athrú.

1. D'éirigh le Liam an obair bhaile a _____ roimh am dinnéir. (déan)

2. D'iarr an múinteoir ar an dalta an fhuinneog a _____ mar bhí an seomra fuar. (dún)

3. Bíonn ar na paistí an chistin a _____ gach tráthnóna. (glan)

5. Ní raibh am ag Síle na ceachtanna a _____ mar bhí uirthi dul chuig rang snámha. (foghlaim)

6. Chuaigh Sinéad go dtí an siopa chun cúpla rud a _____ don dinnéar. (ceannaigh)

7. Bhí áthas ar Mháire a cuid cairde a _____ tar éis laethanta saoire an tsamhraidh. (feic)

**Ceist 4** Féach ar an habairtí thíos:

‘Tá *daoine* ag ceannach *buidéil* uisce sna *siopaí*.’
‘Tá an Chomhairle Contae ag déanamh *scrúduithe* ar an uisce.’

Anois, an féidir leat na bearnaí thíos a líonadh?

| | *uatha* | *iolra* |
|---|---|---|
| 1 | buidéal | buidéil |
| 2 | scrúdú | scrúduithe |
| 3 | athrú | |
| 4 | duine | |
| 5 | teach | |
| 6 | siopadóir | |
| 7 | carr | |
| 8 | ríomhaire | |
| 9 | bord | |
| 10 | cathaoir | |
| 11 | bláth | |
| 12 | gairdín | |

**Ceist 5** Féach ar na nathanna sa bhosca thíos. An dtuigeann tú iad?

| | | |
|---|---|---|
| deireadh na seachtaine | ar a laghad | roimh ré |
| idir an dá linn | ar fhaitíos na bhfaitíos | |

Anois an féidir leat iad a chur sna habairtí thíos?

1. D’éirigh go maith le Pól sna scrúduithe mar rinne sé a lán staidéir _____.

2. Oibríonn Fionnuala go crua agus bíonn sí an-tuirseach ag _____.

3. Nuair a théann tú ar saoire san Iodáil, ba cheart duit 600 euro a thabhairt leat _____.

4. Tá an lá go breá ach tabhair leat do chóta báistí _____.

5. Ní fheicfidh mé mo chara Meiriceánach go dtí mí Lúnasa seo chugainn ach _____ beimid ag caint ar an bhfón.

**Ceist 6** An ólann tú an t-uisce díreach ón sconna sa bhaile? An bhfuil sé glan? Cé a ghlanann é agus conas a ghlanann siad é? An dóigh leat gur cheart do dhaoine íoc as an uisce sin a fháil? Cén fáth?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

ag bruith uisce – *boiling water*
díreach ón sconna – *straight from the tap*
uisce truaillithe – *contaminated water*
ar fhaitíos na bhfaitíos – *just in case*
ar a laghad – *at least*

**Ceist 2**

1. Beagnach 100,000 (90,000 duine).
2. Cúig lá ó shin.
3. Níl siad sásta mar caithfidh siad an t-uisce a bhruith nó buidéil uisce a cheannach. Tá sé sin costasach agus trioblóideach.
4. Is dócha go bhfuil na siopadóirí sásta mar tá siad ag díol níos mó buidéil uisce anois in aghaidh an lae ná mar a bhí siad in aghaidh na seachtaine.

**Ceist 3**
1. a dhéanamh
2. a dhúnadh
3. a ghlanadh
4. a fhoghlaim
5. a cheannach
6. a fheiceáil

**Ceist 4**

| | *uatha* | *iolra* |
|---|---|---|
| 1 | buidéal | buidéil |
| 2 | scrúdú | scrúduithe |
| 3 | athrú | athruithe |
| 4 | duine | daoine |
| 5 | teach | tithe |
| 6 | siopadóir | siopadóirí |
| 7 | carr | carranna |
| 8 | ríomhaire | ríomhairí |
| 9 | bord | boird |
| 10 | cathaoir | cathaoireacha |
| 11 | bláth | bláthanna |
| 12 | gairdín | gairdíní |

**Ceist 5**
1. roimh ré
2. deireadh na seachtaine
3. ar a laghad
4. ar fhaitíos na bhfaitíos
5. idir an dá linn

**Ceist 6**
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Maolra Mac Donnchadha**

Ní bheidh beagnach 100,000 duine i gContae na Gaillimhe in ann an t-uisce a ól gan é bheith bruite roimh ré ar feadh seachtaine eile ar a laghad, meastar. Sin é an fógra curtha amach inniu ag údaráis[1] sláinte san iarthar. Tá an scéal ag Caoimhe Ní Chonchoille.

**Caoimhe Ní Chonchoille**

Tá sé cúig lá ó d'fhógair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nár cheart uisce díreach ón sconna a ól i gceantracha áirithe i nGaillimh ar eagla go bhfuil an t-uisce truaillithe. Ó shin i leith tá daoine ag bruith uisce nó á cheannach ins na siopaí.

**Marion Walsh**

Níl mé sách sásta faoi fhadhb an uisce i nGaillimh faoi láthair. Tá orainn dul amach go dtí an siopa gach lá le buidéil a cheannach. Níl a fhios againn fós go bhfuil fadhb leis an uisce ach caithfimid bheith cúramach mar sin féin ar fhaitíos na bhfaitíos.

**Caoimhe Ní Chonchoille**

Deir muintir an cheantair nach bhfuil a fhios acu cén uair a bhéas réiteach ar an scéal agus go bhfuil costas ag baint leis an fhadhb idir an dá linn.

**Fear 1**

Tá mo bhean chéile ag ceannach buidéil uisce sa siopa mar níl muinín againn san uisce sa bhaile.

**Fear 2**

Táimid ag ceannach an uisce sna buidéil agus táimid á úsáid sin. Is…*I suppose*… is míchompord é.[2]

**Bean**

Tá sé an-dona agus tá sé an-chostasach.[3]

**Caoimhe Ní Chonchoille**

Tá tionchar ag an fhadhb seo ar 90,000 duine agus deir siopadóirí go bhfuil siad ag díol níos mó buidéil uisce anois in aghaidh an lae ná mar a bhíodh siad in aghaidh na seachtaine. Faoi láthair tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Comhairle Contae na Gaillimhe ag déanamh scrúduithe ar an uisce. Deir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go mbeidh siad ag moladh do dhaoine an t-uisce a ghail go dtí deireadh na seachtaine ar a laghad.

Caoimhe Ní Chonchoille, i gcathair na Gaillimhe.

---

[1] *údaráisí* a deirtear sa mhír
[2] *is míchompordach é* a deirtear sa mhír
[3] *an-costasach* a deirtear sa mhír